

# Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh

**Tionscadal Caipitil CP1021**
**Céim 4 Comhairliúchán**
**7 Meán Fómhair 2022 go dtí 30 Samhain 2022**



EIRGRID
Delivering a cleaner energy future

# Cad is EirGrid ann – agus cad a dhéanaimid?

Tá EirGrid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais – anois agus amach anseo. Déanaimid an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheidhmiú. Tugtar ar an eangach seo cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann. Bainimid úsáid as an eangach seo chun cumhacht a sholáthar don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Tugtar cumhacht ar an eangach freisin don ghréasán dáileacháin agus soláthraítear an leictreachas a úsáideann sibh gach lá in bhur dtithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéil agus feirmeacha.

## Maidir leis an nuashonrú seo

Ba mhaith linn do chuid tuairimí a chloisteáil faoi na ceithre rogha bhealaigh don chábla faoin talamh atá á meas againn d'Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Tá an nuashonrú seo daoibhse mar pháirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal a bhfuil spéis agaibh níos mó a fháil amach faoi tionscadal uasghrádaithe seo.

Tugtar eolas faoin tionscadal sa cháipéis seo, agus tá súil againn go gcuirfidh sí thú ar an eolas agus go gcabhróidh sí leat páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Táimid i gCéim 4 de phróiseas sé chéim (níos mó sonraí ar leathanach 5). Leagfar amach sa bhróisiúr seo an chaoi ar fhorbair an tionscadal go dáta agus sonrófar conas is féidir leat d'aiseolas a thabhairt dúinn le linn na tréimhse comhairliúcháin seo.

Beidh an comhairliúchán ar oscailt **ón 7 Meán Fómhair 2022 go dtí an 30 Samhain 2022**. Táimid ag lorg comhairle ar cheithre rogha bhealaigh don chábla faoin talamh (féach leathanach 7) Measfaimid aiseolas ar na ceithre rogha bhealaigh ar fad sula ndéanfaimid cinneadh faoin rogha bhealaigh is fearr le tabhairt ar aghaidh go dtí an dearadh mionsonraithe. Sa cháipéis seo cuirtear ar fáil faisnéis mhionsonraithe ar an tionscadal, lena n-áirítear:

- cad é uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh,
- conas deis labhartha a bheith agat,
- ár gcur chuige sé chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt,
- an méid a tharla go dtí seo,
- cad iad an limistéar staidéir agus na roghanna bealaigh,
- faisnéis maidir leis na cáblaí faoin talamh,
- an fóram pobail, agus
- Céim 4 – Sracfhéachaint



# Cad é Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh?

## Cén fáth a bhfuil gá leis an tionscadal agus cad iad na buntáistí?

Cuirfidh Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh nasc leictreachais cábla faoin talamh 400 kV (cileavolta) ar bun ó fhostáisiún Fhearann na Coille cóngarach do Bhaile an Bhóthair i gContae na Mí go fostáisiún Belcamp cóngarach do Chluain Seach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath.

Neartóidh an t-uasghrádú seo an gréasán leictreachais in oirthear na Mí agus i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath chun aistriú na cumhachta a fheabhsú trasna an ghréasáin tarchuir reatha.

Ní mór dúinn an gréasán a uasghrádú agus a neartú chun:

- tabhairt faoin éileamh méadaithe ar leictreachas sa Mhí Thoir agus i mBaile Átha Cliath Thuaidh mar gheall ar fhorbairt eacnamaíoch agus fás daonra,
- úsáid breoslaí iontaisí agus spleáchas orthu le haghaidh giniúint leictreachais a laghdú,
- tuilleadh forbartha a éascú ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, ar tír agus amach ón gcósta, agus;
- cabhrú spriocanna i leith gníomhú ar son na haeráide maidir le suas le 80% den soláthar leictreachais a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030.

Sainaithníodh an tionscadal seo mar cheann de na réitigh fhéideartha sa Treochlár, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú, a foilsíodh i Samhain 2021.

## Buntáistí Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh

**Iomaíocht**
Brú anuas a chur i bhfeidhm ar chostas an leictreachais

**Inbhuanaitheacht**
Aistriú na hÉireann chuig gheilleagar ísealcharbóin a éascú.

**Daingneacht an tSoláthair**
Soláthar leictreachais a fheabhsú do thomhaltóirí leictreachais na hÉireann.

**Eacnamaíoch**
Cur leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

**Pobal**
Tairbhe don phobal a chur ar fáil sna limistéir ina n-éascaítear bonneagar an tionscadail.

# Bíodh deis labhartha agat sa chomhairliúchán seo

Iarraimid ort aiseolas a thabhairt ar cheithre rogha bhealaigh d'Uasghrádú Eangach na Mí Thoir–Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Is idir an **7 Meán Fómhair agus an 30 Samhain 2022** a bheidh an tréimhse chomhairliúcháin. Molaimid duit dul i dteagmháil linn agus **do dheis labhartha a bheith agat** a luaithe is féidir le linn na tréimhse comhairliúcháin.

## Cár féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar roinnt bealaí difriúla.

Tá an t-eolas ar fad a bhaineann leis an tionscadal seo ar fáil ar ár láithreán gréasáin:
**www.eirgrid.ie/EastMeathNorthDublin**



Socraigh chun labhairt le ball foirne go díreach



Cláraigh le haghaidh seimineár gréasáin




Téigh go dtí ár dtairseach chomhairliúcháin



Freastail ar Lá Oscailte

## Cén chaoi ar féidir liom mo dheis labhartha a bheith agam?

Is iomaí bealach ar féidir leat do chuid aiseolais a thabhairt, lena n-áirítear:




Cuir do chuid tuairimí isteach ar líne ag consult.eirgrid.ie



Seol d'aighneacht ar ríomhphost chugainn ag EastMeathNorthDublin@eirgrid.com



Scríobh d'aighneacht féin agus seol ar ais chugainn í le saorphost

**Is é seo a leanas ár seoladh saorphoist:** Comhairliúchán ar Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh, EirGrid cpt, Saorphost FDN 5312, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, D04 FW28.

## Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar an tionscadal seo, is féidir leat:


Ríomhphost a chur – **EastMeathNorthDublin@eirgrid.com**

Teagmháil a dhéanamh le d'Oifigeach Teagmhála Pobail:
Eoghan O'Sullivan **087 247 7732** nó Gráinne Duffy **085 887 4798**

# Cur chuige sé chéim EirGrid maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt?

Inár bhfoilseachán 'Bíodh Deis Labhartha Agat' tugtar achoimre ar ár ngealltanas teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus éisteacht leo.


Inár bhfoilseachán Straitéis Teagmhála Poiblí mínítear conas a dhéanaimid teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara maidir le tionscadail mar seo a fhorbairt. Is féidir leat an dá fhoilseachán a léamh ag **www.eirgrid.ie**




**Fíor 1: Ár gcur chuige sé chéim i leith an eangach leictreachais a fhorbairt**

Anois i gCéim 4, déanfaimid:

- comhairliúchán 12 sheachtain a reáchtáil maidir leis an tionscadal forbartha eangaí seo,
- ceithre rogha bhealaigh éagsúla a scrúdú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit a gcuirfear na cáblaí leictreachais faoin talamh, agus
- teagmháil leathan a dhéanamh chun níos mó eolais a dhéanamh dár gcinneadh maidir leis an áit a gcuirfear na cáblaí leictreachais faoin talamh.




**Fíor 2: Ár gcur chuige sé chéim le haghaidh Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh**



# Cad a tharla go dtí seo?

**Céim 1:** In 2017, dheimhníomar an gá le hUasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

**Céim 2:** In 2020, thiomsaíomar gearrliosta de sheacht rogha theicniúla don uasghrádú seo. Rinneamar measúnú ar na seacht rogha seo a thuilleadh faoi na catagóirí ilchritéar (féach leathanach 8). Dá thoradh seo cuireadh ceithre rogha theicniúla ar ghearrliosta chun iad a scrúdú a thuilleadh i gCéim 3. Ba iad seo:

- Líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go Fionnghlas
- Cábla faoin talamh 400 kV ó Fhearann na Coille go Fionnghlas.
- Líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go Belcamp.
- Líne faoin talamh 400 kV ó Fhearann na Coille go Belcamp.

**Céim 3:** In 2021, dheimhníomar an gá leis an tionscadal. Rinneamar staidéir indéantachta ar na ceithre rogha theicneolaíochta is fearr feidhmíocht agus cuireadh iad seo i gcrích i Márta 2022.

Fuair na staidéir amach go raibh dúshláin shuntasacha i gceist le trí cinn de na ceithre rogha theicniúla agus tháinig an rogha a bhí fágtha chun cinn mar an rogha is fearr feidhmíocht lena tabhairt chun cinn a thuilleadh.

• **Roghanna maidir le Fearann na Coille go Fionnghlas** – Léirigh na staidéir indéantachta nach bhfuil go leor spás fisiciúil ag stáisiún reatha Fhionnghlaise chun tacú leis an trealamh a theastaíonn le haghaidh líne lasnairde ná cábla faoin talamh 400 kV gan méadú suntasach ar stáisiún Fhionnghlaise nó forbairt stáisiúin nua in aice láimhe. Imríonn an spás srianta ar an láithreán (tionsclaíoch) athfhorbraíochta seo tionchar ar fhorbairt. Chomh maith leis sin, chun nascadh le stáisiún Fhionnghlaise bheadh gá le bristeacha trealaimh fada a bheadh deacair a dheonú nuair atáthar ag cinntiú shlándáil an tsoláthair chumhachta do cheantar Bhaile Átha Cliath.

• **Roghanna maidir le Fearann na Coille go Belcamp** – Bhí roinnt srianta ann a sainaithníodh maidir le ciorcaid nua chun nascadh leis an stáisiún seo. Ó dhearcadh timpeallachta, bheadh gá le líne lasnairde dul trasna Inbhear Mhullach Íde, limistéar faoi chaomhnú speisialta agus limistéar faoi chosaint speisialta. Tá malairt an chábla faoin talamh ar fáil chun na srianta seo a sheachaint.

I mí Aibreáin, shainaithníomar **rogha an chábla 400 kV faoin talamh ó Fhearann na Coille go Belcamp** mar an Rogha is fearr Feidhmíocht chun an tionscadal seo a chur chun cinn.

# Torthaí a bhfuiltear a súil leo do Chéim 4


Is iad seo a leanas na torthaí do Chéim 4 a bhfuiltear ag súil leo:

- dul i gcomhairle leat maidir leis na ceithre rogha bhealaigh,
- tuarascáil chomhairliúcháin a fhoilsiú ar an aiseolas a fhaightear,
- rogha bhealaigh is feidhmiúla a thiocfaidh chun cinn a fhógairt in earrach 2023 agus dul i gcomhairle go háitiúil le páirtithe leasmhara air seo, agus
- rogha bhealaigh dheiridh a fhógairt i samhradh 2023, ag sainaithint na háite a dtógfar an tionscadal.

Ní bheidh iarratas ar chead pleanála ina chuid den chéim seo. Déanfar é seo i **gCéim 5**.



# An limistéar staidéir agus na roghanna bealaigh




Is é an limistéar staidéir an limistéar ina moltar go dtógfar an bonneagar leictreachais d'Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Rinneadh athbhreithniú ar an limistéar staidéir seo ó Chéim 3 chun na staidéir bhreise a rinneamar agus na roghanna bealaigh a sainaithníodh a léiriú. Ciallaíonn bonneagar leictreachais sa chás seo na cáblaí agus na struchtúir fhisiciúla a úsáidtear chun leictreachas ardvoltais a tharchur ón áit a ngintear é go dtí an áit a bhfuil gá leis.


Taispeántar an limistéar staidéir sa léarscáil thuas (Fíor 3) le **líne bhriste chorcra**. Laistigh de seo, tá ceithre rogha bhealaigh: **Dearg, Glas, Buí** agus **Gorm.**

## Cén chaoi a ndéanaimid roghanna bealaigh a phleanáil?

Leanaimid tacar treoirlínte ar a dtugtar prionsabail um shocrú bealaí nuair atáthar ag sainaithint roghanna bealaigh.

Is iad seo a leanas ár bprionsabail um shocrú bealaí don tionscadal seo, nuair is féidir a leithéid a dhéanamh:

- mótarbhealaí a sheachaint;
- suíomhanna oidhreachta nádúrtha agus saorga atá leochaileach a sheachaint;




- láir bailte agus eastáit tionsclaíochta a sheachaint;
- bealaí easbhóthair, trí thalamh príobháideach agus trí thalamh a úsáidtear don talmhaíocht a sheachaint nuair is féidir;
- úsáid bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a uasmhéadú;
- an tionchar ar phobail a íoslaghdú nuair is féidir; agus
- fad foriomlán an bhealaigh a íoslaghdú.

Déanaimid machnamh ar shrianta freisin. I measc samplaí de shrianta, tá:

- leithead agus caighdeán an bhóthair;
- seirbhísí eile ar an mbóthar amhail uisce, gás agus draenáil;
- an tionchar féideartha ar an gcomhshaol, lena n-áirítear limistéir faoi chosaint de chuid na hÉireann agus na hEorpa don bhithéagsúlacht, speiceas ionrach agus speiceas faoi chosaint, agus limistéir thábhachtacha eile ó thaobh na bithéagsúlachta de (lena n-áirítear gnáthóga nach bhfuil ainmnithe); agus
- limistéir a bhfuil go leor áiseanna agus oibreacha ar siúl iontu.

Meastar Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil, agus ina theannta sin, tá aiseolas ó phobail áitiúla ag croílár ár bpróisis.




Fíor 4: Na cúig chatagóir mheasúnaithe ilchritéar

## Cén chaoi a ndéanaimid roghanna bealaigh a mheasúnú?

Déanaimid measúnú ar roghanna agus cuirimid i gcomparáid faoi chúig chatagóir iad:

1. **Gnéithe teicniúla;** Comhlíonadh le caighdeáin leictreachais agus gnéithe oibríochtúla eile.
2. **Fachtóirí eacnamaíocha;** Costais a bhaineann le feidhmiú an tionscadail.
3. **Fachtóirí comhshaoil:** Ábhair lena n-áirítear bithéagsúlacht, tírdhreach, seandálaíocht, agus cáilíocht uisce.
4. **Gnéithe socheacnamaíocha;** Amhail an geilleagar áitiúil agus fóntais áitiúla.
5. **Gnéithe inseachadtachta:** Amhail amlíne agus rioscaí féideartha.

# Coiteann i ngach ceann de na ceithre rogha bhealaigh

### Is ag fostáisiún Fhearann na Coille a thosaíonn gach bealach

Tá tábhacht straitéiseach náisiúnta ag baint le fostáisiún 400kV Fhearann na Coille cóngarach do Bhaile an Bhóthair, Co. na Mí, laistigh den eangach tarchurtha leictreachais. Tá roinnt ciorcaid mhóra aige cheana nasctha le forbairtí bonneagair eangaí eile a bheartaítear a bheith nasctha sna blianta seo romhainn. Chun naisc amach anseo a éascú, teastaíonn oibreacha feabhsaithe laistigh de chompún reatha an stáisiúin chun spás a thabhairt le haghaidh na dtionscadal seo go léir.

Aithnímid go bhfuil an fostáisiún seo agus pobail áitiúla sa cheantar seo ag éascú réimse leathan de thionscadail bhonneagair leictreachais. Táimid tiomanta do bheith ag obair le gnólachtaí, pobail áitiúla, úinéirí talún agus gach príomhpháirtí leasmhar, chun an cur isteach mar gheall ar na tionscadail seo a fhorbairt a íoslaghdú.

### Achoimre ar thionscadail atá á bhforbairt faoi láthair ag fostáisiún Fhearann na Coille

Tá roinnt tionscadail bonneagair ardvoltais ann a bheartaítear a nascadh le stáisiún reatha Fhearann na Coille, amhail:

- Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh
- Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí
- Idirnascaire Thuaidh Theas
- Oibrithe feabhsaithe Fhostáisiún Fhearann na Coille

Don tionscadal forbartha eangaí seo, is é Fearann na Coille an pointe naisc comónta le haghaidh gach ceann de na roghanna bealaí molta. Beidh codanna de na bealaí seo ina gcodanna easbhóthair mar a sainaithnítear dúshláin aimsithe bealaigh.

Sular féidir linn bealach níos sonraí a chinneadh sa limistéar seo, caithfimid níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- rannpháirtíocht áitiúil,
- suirbhéanna,
- staidéir dheartha, agus
- measúnú

Nuair is féidir, seachnóimid tionchair ar phobail agus gnólachtaí. Seachnóimid tionchair ar thalamh talmhaíochta chomh fada agus is féidir ach codanna easbhóthair a íoslaghdú. Sa chás go bhfuil gá le codanna easbhóthair, socróimid bealach an chábla go cúramach tar éis plé leis na daoine a rachaidh sé i bhfeidhm orthu.

### Téann gach bealach go Fostáisiún Belcamp

Is fostáisiún reatha é fostáisiún 220kV Belcamp i gceantar Chluain Seach de Chontae Átha Cliath timpeall 7 km ó lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an bhfostáisiún seo freisin san eangach tarchuir leictreachais, mar freastalóidh sé ar thuilleadh tionscadail forbartha eangaí sna blianta seo romhainn.

Is gá an fostáisiún 220kV seo a shíneadh agus fostáisiún nua 400kV a thógáil, ag úsáid an talaimh taobh leis an bhfoirgneamh reatha. Feabhsóidh na hoibreacha cáilíocht chumhachta agus tacóidh siad le giniúint in-athnuaite amach anseo, lena n-áirítear athnuaiteáin amach ón gcósta, agus éileamh ar leictreachas atá ag fás i gceantar Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

**Achoimre ar thionscadail atá á bhforbairt faoi láthair ag fostáisiún Belcamp**

- Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh
- Uasghrádú Eangach Chill Dara-na Mí (oibreacha gaolmhara)
- Cáblaí 220 kV Port na Sliogán go Belcamp
- Cáblaí 220 kV Fionnghlas go Belcamp
- Síneadh fhostáisiún 220kV Belcamp

Mar is amhlaidh le Fearann na Coille, don tionscadal forbartha eangaí seo, is é Belcamp an pointe naisc comónta le haghaidh gach ceann de na roghanna bealaí molta.

### Trasnaíonn gach bealach mótarbhealach

Trasnóidh gach bealach an M3, M2 agus M1 idir Fearann na Coille agus Belcamp.

Is dócha go n-úsáidfidh na trasnuithe seo Druileáil Threoch Chothrománach (HDD) chun cur isteach agus tionchair ar bhonneagar reatha a íoslaghdú.

Is modh druileála í Druileáil Threoch Chothrománach (HDD) lena suiteáiltear píblínte agus cáblaí faoin talamh gan trinsí a thochailt. Is é atá i gceist leis inneall druileála treoiche a úsáid chun druileáil feadh na slí roghnaithe agus ansin an píopa riachtanach a shuiteáil.

Bíodh a fhios agat go ndéanfaimid teagmháil go fairsing le gach foras ábhartha, go dtabharfaimid faoi gach staidéar a theastaíonn agus go laghdóimid tionchair ar phobail, úinéirí talaimh agus an timpeallacht an oiread agus is féidir roimh thús a chur leis na hoibreacha seo.

### Tá conairí easbhóthair ag gach rogha bhealaigh

Téann faid éagsúla na gceithre rogha ó 37 km go 43 km. Is féidir an chuid is mó den bhealach don chábla i ngach rogha a leagan sa ghréasán bóithre atá ann cheana. Mar sin féin, éileofar i ngach rogha go mbeidh roinnt den bhealach don chábla ar chonairí easbhóthair. Rachaidh na conairí easbhóthair seo ó thimpeall 3 km go 9 km den bhealach don chábla.

Nuair nach féidir socrúcháin easbhóthair don bhealach a sheachaint, níl a fhios againn go fóill cén bealach go baileach a d'fhéadfadh a bheith ann. Ar an gcúis seo, aibhsímid conair spáis ar gach ceann de na léarscáileanna bealaigh. Féadfaidh an chuid easbhóthair dul trí aon chuid den chonair seo. Cinnfimid é seo i ndiaidh mionphlé leis na húinéirí talún a rachaidh sé i bhfeidhm orthu. Seachnóimid talamh talmhaíochta chomh fada agus is féidir.

**Tabhair faoi deara** go bhféadfaimis tuilleadh roghanna bealaigh a mheas ach codanna de gach ceann de na bealaí molta a chur le chéile. Féadfaimid coigeartuithe breise a dhéanamh más amhlaidh, le linn an phróisis comhairliúcháin, go n-aithníonn an pobal faisnéis bhreise atá le meas.



# Achoimre ar na roghanna bealaigh molta


Tá leagtha amach sa tábla thíos achoimre ar na ceithre rogha don chábla faoin talamh atá á meas againn don tionscadal seo.

Tabhair faoi deara nach bhfuil faid na mbealaí dá dtagraítear thíos ach táscach agus go gcuirfear i gcrích iad nuair a aontófar bealach iomlán agus mionsonraithe.

| Rogha | Fad foriomlán measta (km) | Codanna easbhóthair measta (km) | Tionchar ar an gcomhshaol | Tionchar sóisialta agus cur isteach féideartha le linn na tógála | Pointí eile |
|---|---|---|---|---|---|
| Rogha A (Dearg) | 37 | 9 | Íseal-Measartha | Íseal-Measartha | An bealach is giorra ach rachaidh sé i bhfeidhm ar an méid is mó talamh talmhaíochta as na roghanna ar fad. |
| Rogha B (Glas) | 38 | 7 | Íseal-Measartha | Íseal-Measartha | An dara bealach is giorra, agus seachnaíonn sé Baile an Alabhóidigh. |
| Rogha C (Buí) | 43 | 2 | Measartha | Measartha | An bealach is faide  Téann sé trí shráidbhaile Bhaile an Bhóthair agus bruachbhailte theas Shoird. An méid is lú talamh talmhaíochta. |
| Rogha D (Gorm) | 41 | 4 | Íseal-Measartha | Íseal-Measartha | An dara fad bealaigh is faide, an dara méid is lú talamh talmhaíochta. Seachnaíonn sé sráidbhaile Chill Bhríde. |








## Rogha A – An Rogha Dhearg


Is í Rogha A an rogha bhealaigh is giorra don chábla faoin talamh, agus í 37 km, ach tá an chuid easbhóthair is faide aici, thart ar 9 km. D'fhéadfadh sé gurb í a imríonn tionchar ar an méid is mó talamh talmhaíochta de na ceithre rogha bhealaigh, ach tá tionchar measartha íseal aici ar ghréasáin bhóithre áitiúla.

Ó Fhearann na Coille, rachaidh Rogha A ó dheas trí pháirceanna ar feadh timpeall 3 km go dtí go mbuaileann sí leis an R156 ag Eastát Tionsclaíoch Barstown. Uaidh sin, rachaidh an bealach soir chomh fada le Dún Búinne, ag dul timpeall ó thuaidh leis an R157 nuair a bhaineann sé imeall thiar thuaidh an bhaile amach.

Trasnóidh sí:

- An Tulcha,
- Mótarbhealach an M3 ag Acomhal 5, agus b'fhéidir
- an tIarnród ag Ollpháirc an M3.

Seachnófar obair ar an mótarbhealach féin mar is dócha go mbeidh aon trasnú anseo trí Dhruileáil Threoch Chothrománach (HDD) nó trí thollán. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha do thrasnú seo an mhótarbhealaigh. Rachaidh an bealach ansin ar feadh achar gearr ó thuaidh




**Fíor 5: Bealach Rogha A**


feadh an R147 sula rachaidh sé soir arís feadh an L5026 agus bóithre áitiúla.

Rachaidh Rogha A ar aghaidh soir go Cill Bhríde, le trí thrasnú ar Abhainn an Bharda feadh an bhealaigh. Anseo, téann an bealach ó dheas, ag dul thart ar Scoil Náisiúnta Chill Bhríde, mar a dtéann sé trasna Abhainn an Bharda arís.

Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don bhealach ar an taobh ó dheas de Chill Bhríde. Rachaidh an bealach tríd an gconair seo agus buailfidh sé leis an R121 achar gairid siar ón M2. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha eile do thrasnú mhótarbhealach an M2. Tar éis an trasnaithe, leanann an bóthar soir go dtí Crois an Bharda agus fanann sé ag dul soir ar an mbóthar seo go dtí go sroicheann an R121 an R122.

Leanfaidh Rogha A ansin ag dul ó dheas trí Lána Chill Réisc agus Bóthar Chill Réisc go dtí an R108 agus Bóthar na hAille feadh chríoch thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath chomh fada le Timpeallán Chlochráin, ar an taobh thoir thuaidh d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Uaidh sin, úsáidfidh Rogha A Lána Steach Comhaill ar feadh achar gairid, ag dul soir go dtí mótarbhealach an M1. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo. Tar éis dó an mótarbhealach a thrasnú, fanann Rogha A ina bealach easbhóthair; léirítear conair easbhóthair fhéideartha don nasc ar aghaidh ó dheas go fostáisiún Belcamp.




## Rogha B – An Rogha Ghlas


Is í Rogha B an dara rogha bhealaigh is giorra de na roghanna bealaigh molta, agus é 38 km, leis an dara cuid easbhóthair is faide aici, timpeall 7 km. Tá comhbhealach i gcoitinne aici le Rogha A ina lán codanna idir Fearann na Coille agus Belcamp, ach leanann sí bealach malartach ar feadh níos mó ná leath den bhealach.

Beidh Rogha B ina bealach easbhóthair i dtreo soir ó dheas ó Fhearann na Coille go dtí go sroicheann sí an L2215 i mbaile fearainn Lismahon. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha dó seo. Ag an mbóthar áitiúil seo, téann an bealach ó dheas ar an mbóthar go dtí an R156. Uaidh sin, rachaidh an rogha bhealaigh soir feadh an bhealaigh chéanna le Rogha A, ag seachaint Dhún Búinne.

Trasnóidh sí:

- An Tulcha,
- Mótarbhealach an M3 ag Acomhal 5, agus b'fhéidir
- an tlarnród ag Ollpháirc an M3.

Seachnaítear an mótarbhealach féin mar is amhlaidh gur dóchúla go mbeidh aon trasnú anseo trí Dhruileáil Threoch Chothrománach (HDD) nó trí thollán. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo.





Fíor 6: Bealach Rogha B

Buailfidh an bealach leis an R147 arís agus téann sé ar aghaidh ó dheas chomh fada le Páirc Ghnó Bhaile an Bhreáigh. Téann sé ar aghaidh soir ó thuaidh feadh an bhóthair seo go mbuaileann sé le bealach eile atá comhroinnte le Rogha A ar feadh 4 km isteach go Cill Bhríde.

Ach i gCill Bhríde téann an Rogha B mholta ó thuaidh amach as Cill Bhríde feadh bóthar cúng, trí bhailte fearainn Baytown, Bhaile an Mhábaigh agus an Bhaile Ghaelaigh.

Trasnóidh Rogha B Mótarbhealach an M2 ag an uasbhealach ar an taobh thiar de Chúil Chaoith, sula mbuaileann sí leis an R135 i sráidbhaile Chúil Chaoith. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo. Téann sí ó dheas uaidh sin trí Chrois an Bharda go Broughan. Téann an bealach ansin soir uair amháin eile, ag bualadh leis an R122 trí Lána Broughan agus Iostáin an Bhaile Nua, seachas dul ar aghaidh chomh fada le Crois Chill Sheáin.

Rachaidh Rogha B timpeall ar Chumann Naomh Mairéad agus buailfidh sí leis an R108. Cosúil le Rogha A, leanfaidh an bealach críoch thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath. Uaidh sin, rachaidh Rogha B feadh Lána Steach Comhaill sula dtrasnóidh sí mótarbhealach an M1. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo. Beidh Rogha B fós ina bealach easbhóthair freisin dá nasc ar aghaidh, Belcamp. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha dó seo.




## Rogha C – An Rogha Bhuí


Is í Rogha C an ceann is faide de na roghanna bealaí don chábla, agus í 43 km, agus tá an chuid easbhóthair is giorra aici, le 2 km di ina cuid easbhóthair. Is í Rogha C a imríonn tionchar ar an méid is lú talaimh talmhaíochta de na ceithre rogha ghearrliostaithe.

Comhroinneann Rogha C bealach an chéad 2 km amach as fostáisiún Fhearann na Coille le Rogha B. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha dó seo.

Tar éis bualadh leis an L2215, leanfaidh Rogha C ar aghaidh ó thuaidh go Baile an Bhóthair. Anseo féadfaidh an bealach imeacht ina bhealach easbhóthair, mar sin léirítear conair easbhóthair fhéideartha. Ar an taobh ó dheas de Bhaile an Bhóthair rachaidh sé feadh an R154 go dtí mótarbhealach an M3.

Trasnóidh Rogha C an Tulcha, ansin beidh sí ina bealach easbhóthair chun Mótarbhealach an M3 a thrasnú ar an taobh ó dheas de Dhola-Phlás Theas an M3, ag filleadh ar an mbóthar ag an timpeallán chun bualadh leis an R147. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo.

Rachaidh an bealach ansin ó dheas feadh an R147 go dtí L5026 (an Bealach), ag dul soir, leis an mionbhóthar níos dírigh trí bhaile fearainn





**Fíor 7: Bealach Rogha C**

Kinoristown roghnaithe seachas an mionbhóthar níos faide ó dheas, trí Rowan.

Leanfaidh Rogha C ar aghaidh soir trí Nuttstown agus isteach i gCill Bhríde. I gCill Bhríde, rachaidh sí timpeall ar Scoil Náisiúnta Chill Bhríde agus ar aghaidh ó dheas feadh Bhóthar Chill Bhríde. Rachaidh an bealach seo isteach i mBaile an Alabhóidigh, ag tiontú soir ó thuaidh chun bualadh leis an R121 sula sroichfidh sé Ráth an Alabhóidigh.

Léirítear conair easbhóthair fhéideartha do thrasnú mhótarbhealaigh an M2. Ina dhiaidh seo, filleann an bealach ar an R121 agus leanann sé é trí Chrois an Bharda go dtí go gcríochnaíonn sé ag an R122. Anseo, bogfaidh Rogha C soir ó dheas, ag úsáid Lána Chill Réisc, Bóthar Cook agus ó thuaidh isteach i mBóthar na Foraoise. Rithfidh sé feadh Bhóthar na Foraoise in aice le Cumann Gailf Forrest Little agus isteach i mbruachbhailte theas Shoird, mar a n-úsáidtear an L2300 agus R132 chun filleadh ó dheas go Timpeallán Cloghran.

Leanfaidh Rogha C ansin Lána Steach Comhaill, ag trasnú an M1. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo. Fillfidh an rogha bhealaigh mholta ansin go Lána Steach Comhaill agus tiontóidh sí soir isteach i Lána Bhaiscín, a leanfaidh sí go dtí an t-acomhal le Bóthar Mhullach Íde i gCionn Sáile. Bogfaidh sí ansin ó dheas, timpeall ar Reilig Fhine Ghall, ag filleadh siar ar feadh an R139 sula dtiontóidh sí ó thuaidh feadh an bhóthair rochtana chun fostáisiún Belcamp a bhaint amach.





## Rogha D – An Rogha Ghorm

Is í Rogha D an dara rogha bhealaigh mholta is faide, ag 41 km, ach tá an dara cuid easbhóthair is giorra aici de na roghanna bealaigh molta, timpeall 4 km.

Fágfaidh Rogha D fostáisiún Fhearann na Coille trí imeacht ó dheas ar bhealach easbhóthair chun bualadh leis an R156. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha dó seo. Ansin tiontaíonn sí soir cóngarach d'Eastát Tionsclaíoch Barstown, ag comhroinnt an bhealaigh chéanna le Rogha A ar feadh na gcéad 7 km, sula dtiontaíonn sí ó thuaidh ag Baytowncross i dtreo Vesington. Téann an bealach feadh an bhóthair áitiúil seo le bualadh leis an R154 i mbaile fearainn Quarryland.

Uaidh sin, leanfaidh an bealach ar aghaidh soir go dtí an R147, ag trasnú Mhótarbhealach an M3 ar an taobh ó dheas den uasbhóthar atá ar an taobh ó dheas de Dhola-Phlás Theas an M3. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo.

Leanfaidh Rogha D an L5026 (an Bealach) go dtí an t-oirthear, ag leanúint ar aghaidh feadh an mhionbhóthair a théann timpeall ar Kinoristown, atá á chomhroinnt ag na ceithre rogha bhealaigh go léir. Cóngarach do Chill Bhríde, léirítear conair





**Fíor 8: Bealach Rogha D**

easbhóthair fhéideartha don rogha seo.

Téann an bealach seo ó dheas feadh Bhóthar Chill Bhríde trí Bhaile an Alabhóidigh chun bualadh leis an R121 agus ansin trasnóidh sé Mótarbhealach an M2. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo. Uaidh seo, téann sé soir go dtí go sroicheann sé an R122, ag dul timpeall ar Chrois an Bhardaigh feadh an bhealaigh.

Cosúil le Rogha C, leanann Rogha D an R122 ó dheas, ansin úsáideann sí Lána Chill Réisc, Bóthar Chill Réisc agus Bóthar Cook. Cosúil le Roghanna A agus B, úsáideann Rogha D Bóthar na hAille ar theorainn thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ó thaobh thoir thuaidh an aerfoirt, d'úsáidfeadh Rogha D freisin Lána Steach Comhaill ar feadh achar gairid sula dtrasnódh sí mótarbhealach an M1. Léirítear conair easbhóthair fhéideartha don trasnú mótarbhealaigh seo. Ó thrasnú an mhótarbhealaigh fillfidh an bealach go Lána Steach Comhaill, ag imeacht ó dheas sula mbuailfidh sé leis an R139. Anseo rachaidh sé soir agus ansin ó thuaidh isteach i bhfostáisiún Belcamp tríd an mbóthar rochtana reatha.





# Roghanna bealaigh eile a mheasamar

Bhí codanna bealaigh eile ann a mheasamar ach nár chuireamar ar aghaidh don chomhairliúchán poiblí toisc gur chreideamar nach mbeidís oiriúnach don tionscadal seo. Is féidir leat iad seo a fheiceáil thíos i bhFíor 9, ach níl na codanna seo á bhforbairt lena meas a thuilleadh.

Ina measc, tá:

- Bealach trí Rowan idir an M3 agus Cill Bhríde
- Bealach ag dul ó thuaidh go Baile an tSagairt a chuaigh ansin ó dheas le bualadh le Rogha B idir Cill Bhríde agus Cúil Chaoith
- Bealach ó Baytown go Cúil Chaoith trí Newton Commons





**Fíor 9: Roghanna bealaigh eile a measadh**

- Bealach nua ag dul ó dheas feadh an R147 tar éis dul trasna an M3 go Baile Dama, a chuaigh ansin soir go Baile an Tirialaigh go Ráth an Alabhóidigh
- Bealach ó Chúil Chaoith go dtí Cumann Gailf agus Tuaithe Naomh Mairéad trí Chumann Gailf Bhaile an Chorraigh
- Bealach ó Bhaile an Chorraigh go dtí an R108 trí Bhaile Breacáin.

Cuireadh codanna bealaigh féideartha eile as an áireamh le linn na céime indéantachta den tionscadal seo.

# Maidir leis an gcábla 400kV faoin talamh

Bainfimid úsáid as Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC) le haghaidh an tionscadail seo. Baintear úsáid as an bhfoirm tarchurtha leictreachais seo i ngréasáin leictreachais, go hidirnáisiúnta agus in Éirinn. Taispeánann ár staidéir gur cábla 400 kV faoin talamh idir Fostáisiúin Fhearann na Coille agus Belcamp an rogha is inmharthana don tionscadal seo. Beidh an cábla curtha timpeall 1.3 méadar faoi dhromchla an bhóthair.




**Fíor 10: Gnáthshocrú duchta le haghaidh cábla HVAC faoin talamh**

## Cén chuma atá air, cábla faoin talamh a thógáil?

De réir mar a rachaidh an tionscadal seo ar aghaidh, déanfaimid gach rud is féidir chun cur isteach a tharlaíonn le linn chéim thógála an tionscadail a íoslaghdú ach dul i dteagmháil le pobail áitiúla, gnólachtaí agus úinéirí talún.

Iarrfaimid cead ón údarás áitiúil maidir le cáblaí a shuiteáil. Nuair a bheimid ag suiteáil, leanfaimid ár bplean bainistíochta tráchta chun a chinntiú go mbeidh an méid is lú cur isteach ar thrácht ann sa cheantar.

Taispeántar sna grianghraif seo a leanas an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar thógáil.



**Fíor 11: Gnáthshuiteáil duchta cábla sa bhóthar**




**Fíor 12: Gnáthbhá siúntála mar a nasctar cáblaí**



**Fíor 13: Cáblaí á dtarraingt isteach sna duchtanna agus sa bhá siúntála**



**Fíor 14: Gnáthbhá siúntála ag feidhmiú le linn siúntáil cáblaí**



**Fíor 11: Gnáthobair ar bhóthar a chur ar ais**

# Fóram Pobail Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Is é is aidhm don Fhóram a chinntiú go dtuigtear tuairimí páirtithe leasmhara agus an phobail agus go ndéantar iad a bhreithniú go cuí agus sinn ag seachadadh an tionscadail. Déanann sé cinnte go n-éistear le glórtha na bpobal áitiúil agus na ndaoine is mó a n-imríonn ár mbonneagar tionchar orthu. Déanann an fóram soláthar le haghaidh comhphlé oscailte idir foireann an tionscadail agus páirtithe leasmhara a bhfuil leas acu sa tionscadal.

Cuireann Fóram Pobail Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh comhairle ar fáil dúinn maidir le príomhfhorbairtí tionscadail, amhail:

- an chaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal,
- an méid ar gá dúinn machnamh a dhéanamh air agus muid ag forbairt an tionscadail; agus
- conas is féidir linn tairbhe shuntasach phobail a sholáthar don cheantar ina bhfuil ár mbonneagar.

Feidhmíonn an fóram mar fhoras comhairliúcháin agus ní thagann sé in ionad aon chineál eile teagmhála ná comhairliúcháin a dhéanaimid.

## An chaoi ar forbraíodh an fóram

I mí Iúil 2022, cheapamar an Dr Harriet Emerson (adjust.ie) mar Chathaoirleach neamhspleách ar Fhóram Pobail Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Tionóladh oíche eolais ar an 14 Iúil faoi bhunú an fhóraim agus chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin tionscadal agus faoi ról an fhóraim.

Iarradh ar ghrúpaí pobail ansin spéis a léiriú maidir le dul isteach san fhóram. Chomh maith leis sin, iarradh ar Chomhairle Contae Fhine Gall agus ar Chomhairle Contae na Mí ionadaithe tofa a ainmniú ar an bhfóram. Reáchtáil an fóram pobail a chéad chruinniú ar an 10 Lúnasa agus an dara cruinniú dó ar an 6 Meán Fómhair. Tá fáilte roimh ghrúpaí pobail nua ó cheantair nach bhfuil ionadaíocht acu faoi láthair laistigh den limistéar staidéir spéis a léiriú dul isteach san fhóram pobail. Leanfaidh an fóram de bheith ag bualadh le chéile go rialta chun:

- nuashonruithe tionscadail a phlé,
- aiseolas a thabhairt, agus
- a chinntiú go bhfuil cumarsáid dhá bhealach ar siúl.

Chun fanacht ar an eolas faoi ghníomhaíocht an fhóraim, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin:

**www.eirgrid.ie/EastMeathNorthDublin** .

**Céim 1** Cuireadh sainaithint riachtanais na heangaí i gcrích.

**Céim 2** Sainaithníodh na teicneolaíochtaí lenar féidir na riachtanais seo a chomhlíonadh.

**Céim 3** Measadh an rogha bhealaigh is fearr agus an limistéar staidéir a n-imrítear tionchar air.

**Céim 4** Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar phleanáil chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo) agus tairbhí a chomhroinnt.

# **Céim 4** Sracfhéachaint

## Céard atá ag tarlú?

Shainaithníomar ceithre rogha bhealaigh fhéideartha chun an eangach leictreachais sa Mhí thoir agus Baile Átha Cliath thuaidh a uasghrádú. Mar chuid de seo ba mhaith linn d'aiseolas le linn ár dtréimhse chomhairliúcháin ón 7 Meán Fómhair go dtí an 30 Samhain 2022.

## Cá fhad a thógfaidh seo?

Le Céim 4 beimid ag dul isteach i samhradh 2023. Leanfaimid ar aghaidh de bheith i dteagmháil leat ar bhonn leanúnach.

## Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Is féidir leat tionchar a imirt ar an áit a dtógfaimid an tionscadal seo trí d'ionchur sa chomhairliúchán seo a chomhroinnt.

## Cén chaoi ar féidir liom páirt a ghlacadh?

Is féidir leat páirt a ghlacadh ar bhealaí éagsúla. Táimid ag déanamh teagmhála agus comhairliúcháin ag leibhéal áitiúil le baill den phobal, úinéirí talún, agus ionadaithe áitiúla ón limistéar staidéir. Táimid ag déanamh teagmhála go díreach le hionadaithe tofa, grúpaí ionadaíocha speisialta, gníomhaireachtaí comhshaoil agus pleanála freisin.

Is féidir leat do chuid tuairimí a roinnt ón 7 Meán Fómhair go dtí an 30 Samhain 2022. Faigh amach tuilleadh ag **www.eirgrid.ie/EastMeathNorthDublin**.

## Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil, clárú chun ríomhphoist nuashonraithe a fháil nó aiseolas a thabhairt ar an tionscadal seo, is féidir leat ríomhphost a chur chuig **EastMeathNorthDublin@eirgrid.com** nó teagmháil a dhéanamh le d'Oifigigh Theagmhála Pobail: Eoghan O'Sullivan 087 247 7732 nó Gráinne Duffy 085 887 4798.



EIRGRID

The Oval, 160 Shelbourne Road, Ballsbridge, Dublin D04 FW28 • Telephone: 01 677 1700 • www.eirgrid.ie

Printed on recycled paper